

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

MODÚL 7 - LITEARTHACHT SNA MEÁIN

Tá an modúl seo forbartha ag Parlaimint na hEorpa, ní ag údar na modúl eile.

Bíonn iarrachtaí ar bun i gcónaí tionchar a imirt orainn ar fad, agus d'fhéadfadh cúiseanna tráchtála nó polaitiúla a bheith i gceist leo. Uaireanta, níltear ach ag iarraidh ár n-aird a fháil agus sinn a tharraingt isteach. Is dócha go bhfuil sé sin ar eolas ag roinnt daltaí cheana féin, ach d'fhéadfadh sé gur coincheap nua é sin do dhaltáí eile. D'fhéadfadh sé go bhfuil daltaí sa rang chomh maith a bhraitheann ar fhoinsí bréagaisnéise chun nuacht faoi ábhair áirithe a fháil, nó a chreideann míreanna bréagaisnéise áirithe. Is í an tseiceáil fíricí an uirlis is tábhachtaí is féidir linn a úsáid chun tuiscint a bheith againn ar cad atá fíor, ach tá go leor ama ag teastáil chun é sin a dhéanamh agus, mar sin, tá sé dodhéanta na míreanna nuachta go léir a dhearbhu. Is é an cleas ná fios a bheith agat cathain ba cheart a bheith in amhras.

Mar chuid den cheacht seo tá cleachtadh chun daltaí a oiliúint ó thaobh inneachar a d'fhéadfadh a bheith ag iarraidh tionchar a imirt orainn a aithint, agus plé ar conas nach gcuirfean an dallamullóg ort. Chomh maith leis sin, ardófar a bhfeasacht faoina gcuid leochaileachtaí féin, bunaithe ar an tslí a bhfaigheann siad an nuacht, agus conas a léiríonn siad a gcuid tuairimí féin.

Is meascán do ghníomhaíochtaí grúpa agus cuir i láthair atá sa cheacht seo. Tá smaointe do chluichí a bhaineann leis an ábhar ann chomh maith, mar aon le moltaí i gcomhair tuilleadh léitheoireachta, agus liosta d'eagraíochtaí seiceála fíricí san Eoraip.

MODHEOLAÍOCHT	TRÉIMHSE	ÁBHAIR
Cur i láthair tosaigh agus Cluiche	15 nóiméad	- Fón cliste do gach grúpa
Cleachtadh grúpa agus plé	30 nóiméad	- Ríomhaire, teilgeoir agus clár ban
Cur i láthair deiridh	10 nóiméad	- Ríomhaire, teilgeoir agus clár ban

CUSPÓIRÍ AGUS INNIÚLACHTAÍ

MEON

- Tugann na daltaí faoi deara...

... na comharthaí rabhaidh a thugann le fios gur inneachar atá ann atá ag iarraidh tionchar a imirt orthu

... gur féidir tionchar a imirt orthu - ar nós aon duine eile

EOLAS

- Foghlaimíonn na daltaí...
 - ... cad is brí le bréagaisnéis, agus na príomhchúiseanna atá léi
 - ... roinnt teicnící chun fíricí a sheiceáil
 - ... roinnt samplaí nithiúla de bhearta AE i gcoinne na bréagaisnéise

CÉIM AR CHÉIM

1. CUR I LÁTHAIR TOSAIGH AGUS CLUICHE

SUIÓMh

Tá na daltaí ina suí sa rang agus briseann an múinteoir suas i ngrúpaí beaga iad. Tosaíonn an múinteoir an ceacht trí dhá phictiúr de bhréagnuacht a thaispeáint (an chéad sraith de shleamhnáin)

PRÓISEAS

- Caithfidh na daltaí a rá má cheapann siad go bhfuil an nuacht fíor, nó má bhraitheann siad nach bhfuil sí iontaofa, ag míniú cén fáth. Tar éis do gach grúpa a smaointe a léiriú, cuireann an múinteoir na réitigh os a gcomhair. Leanann plé leis na daltaí faoi fhoinsí éagsúla nuachta. Cuirtear ceist ar na daltaí liosta a dhéanamh de na foinsí a úsáideann siad (nó a bhfuil cur amach acu orthu, i gcás daltaí níos óige) chun nuacht a fháil faoin méid atá ag tarlú sa tsochaí agus ar domhan. Is féidir le páipéir nuachta agus irisleabhair, an teilifís, an raidió, na meáin ar líne, blaganna, na meáin shóisialta, cairde, etc., a bheith i measc na bhfreagraí.
- Scríobh ar an gclár bán na foinsí eolais is mó a úsáideann an rang. Cuir ceist ar na daltaí a machnamh a dhéanamh ar an bhfáth a gceapann siad go bhfuil an fhoinsé sin iontaofa, nó ar an bhfáth nach gceapann siad go bhfuil sí iontaofa. An bhfuil sé éasca nó deacair teacht ar an bhfoinsé? An bhfuil muintín agat aisti? An bhfuil fios agat cé a scríobh an scéal? Chomh maith leis sin, fiafraigh díobh an chúis a n-úsáideann siad na foinsí sin, ag cur na mbuntáistí agus na míbhuntáistí san áireamh.
- Déan é seo a nascadh leis na pictiúir ag tús an chur i láthair – cuir ceist ar na daltaí ar tháinig siad trasna ar aon nuacht aisteach le déanaí. Conas? Cad as ar tháinig sí? Cén sórt foinsé a bhí ann? Cén fáth ar tuairiscíodh í? Cé a rinne í a thuairisciú?

Más cuimhin le dalta na sonraí a bhaineann le píosa nuachta atá amhrasach – tá sé sin an-mhaith. Mar sin féin, beidh deacrachtaí ag go leor daltaí cuimhneamh ar an áit a bhfaca siad é nó cé a scríobh an píosa nuachta. Tá sé níos fusa cuimhneamh ar scéal ná ar a chúlra. Mura féidir le daltaí cuimhneamh ar shamplaí de nuacht aisteach, is féidir leo iad a lorg níos déanaí sa chleachtadh.

INNEACHAR: CUR SÍOS AR NA SLEAMHNÁIN

1. An nuacht a chreidiúint nó gan í a chreidiúint?

Cruthaíodh an cur i láthair seo mar réamhrá don bhréagaisnéis, go háirithe an bhréagaisnéis a bhaineann leis an Aontas Eorpach, agus, dá bhrí sin, institiúidí AE, an Pharlaimint san áireamh. Tá sé mar aidhm leis, freisin, comhairle a thabhairt faoi conas na cleasanna a úsáideann gníomhaithe mailíseacha a sheachaint.

2. Réamhrá: Iontaofa nó neamhiontaofa?

Tosóimid le sampla éasca nach gcuirfidh an dallamullóg ar aon duine, is dócha, ach a chuirfidh ag gáire iad. Bheadh sé go maith ní hamháin dá luafadh na daltaí gur inchreidte é an scéal faoin úfó, ach dá mbeidís in ann trácht ar na pictiúir agus ar na ceannlínte freisin. Mar a tharlaíonn sé, is féidir linn roinnt gnáthphatrúin bhréagnuachta a aithint anseo: pictiúir ar baineadh dóibh, focail i gcás uachtair, teanga láidir nó thar fóir. Is teoiricí comhcheilge í an fhoinsé.

3. Iontaofa nó neamhiontaofa?

Neamhiontaofa: is é an cleas anseo ná na foinsí a dhearbhu agus féachaint an bhfuil aon fhianaise chrua nó ag aon staidéir atá aitheanta sa saol réadúil ag teacht leis an méid a mhaítear (níl sa chás seo). Freisin, tá na foinsí amhrasach (féach ar an nasc chuig an suíomh gréasáin agus ar an gcuntas Twitter).

4. Iontaofa nó neamhiontaofa?

Neamhiontaofa: Is é an cleas anseo ná na foinsí a dhearbhu agus féachaint an bhfuil aon fhianaise ag teacht leis an méid a mhaítear (níl sa chás seo). Cabhraíonn an tseiceáil faoi dhó freisin, toisc go bhfuil an t-athrú aeráide cruthaithe go heolaíoch.

5. Fíor nó bréagach?

FÍORNUAGHT Cé go bhfuil an chuma ar an gceannlíne nach bhfuil sí fíor, is scéal fíornuachta í i ndáiríre. Léiríonn [an físeán](#) thuas, a d'eisigh Státrúnaí an Riaracháin Príosúin in Rio de Janeiro, an gáinneálaí drugaí Claudio da Silva á ghabháil ag na gardaí príosúin agus é ag iarraidh éalú ón bpríosún i mbréagriocht mná óige.

Rinne cainéal oifigiúil **Global News**, an rannóg nuachta agus cúrsaí reatha de chuid an Canadian Global Television Network, an físeán a phostáil ar YouTube. Léiríonn an tic fíorúcháin in aice ainm an chuntais gur mó seans atá ann gur foinse iontaofa í.

2. CLEACHTADH GRÚPA AGUS PLÉ

SUÍOMH

An cleachtadh: Fanann an rang roinnte ina ghrúpaí beaga. Ba cheart go mbeadh fón cliste amháin ar a laghad ag gach grúpa.

PRÓISEAS

- Cuir ceist ar na daltaí dul trí na foinsí nuachta a úsáideann siad de ghnáth agus féachaint an bhfuil míreanna nó postálacha poiblí ar na meáin shóisialta a cheapann siad atá aisteach (seachas teachtaireachtaí pearsanta nó príobháideacha), a cheapann siad atá thar a bheith míthreorach, nó a bhfuil cuma rómhaith orthu chun le bheith fíor. Go bunúsach, ba cheart dóibh a bheith ag faire amach do nuacht a spreagann freagairt láidir, agus ar cuimhin leo go maith í ar an gcúis sin go díreach. Ba cheart do gach grúpa cuardach a dhéanamh ar dhá nó trí mhír nuachta atá éagsúil chun iad a chur i láthair an ranga.
- Nuair a bhíonn a gcuid samplaí á gcur i láthair acu, cuir ceist ar na daltaí an sprioc a cheapann siad a bhí ag an údar a mhíniú. Má fuair siad an sampla ó chara – an dóigh leo go bhfuil an cara ar an eolas faoin sprioc sin? An roinneadh siad an t-eolas le daoine eile?
- Cuir tús le **plé** gearr ar na cúiseanna atá leis na roghanna atá déanta ag daltaí aonair. An smaoineamh atá laistiar de ná plé a spreagadh ar conas a chuireann na smaointe agus tuairimí atá againn cheana féin iallach orainn nuacht nó eolas a roinnt atá ag teacht leo, gan bailíocht nó inneachar na nuachta nó an eolais sin a athsheiceáil. Is í teachtaireacht na gníomhaíochta seo ná go bhfuil sé tábhachtach an t-inneachar a léamh sula roinneadh tú é, agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil sé bunaithe ar fhianaise láidir agus iontaoifa.

Moltaí i gcomhair ceisteanna chun plé a spreagadh:

- Cén fáth ar shocraigh tú an t-alt sin a roinnt?
- Ar léigh tú an t-alt ina iomláine?
- Cad í, dar leat, an argóint is láidre san alt?
- An dóigh leat go bhfuil an t-alt sin fíor? Cén fáth?
- Dá mbeadh dearcadh eile agat, an dóigh leat go roinneá an t-alt?
- An dóigh leat go rachadh an t-alt sin i bhfeidhm ar dhaoine nach bhfuil an dearcadh sin acu? Cén fáth?
- **Tuairim nó fíric?** Léirigh an difear idir tuairim agus fíric.
- Anois, tabhair aghaidh ar **choincheap na bréagaisnéise**. Taispeáin an sainmhíniú (simplithe) ar bhréagaisnéis sa chur i láthair.

Mar thagairt: **sainmhíniú AE**: Is éard is bréagaisnéis ann ná faisnéis a léirítear ar bhonn infhíoraithe a bheith bréagach nó míthreorach agus a cheaptar, a chuirtear i láthair agus a scaiptear le haghaidh gnóthachan eacnamaíoch nó chun dallamullóg a chur d'aon ghnó ar an bpobal, rud a dhéanfaidh dochar dá réir sin don phobal agus a chuirfidh an daonlathas i mbaol. Cuimsíonn an dochar don phobal bagairtí ar phróisis dhaonlathacha agus ar earraí poiblí amhail an tsláinte, an comhshaol nó slándáil shaoránaigh an Aontais. Ní chuimsíonn an bhréagaisnéis botúin trí thimpiste, aoir agus scigáithris, nó nuacht agus tráchttaireacht a aithnítear go soiléir go bhfuil siad claonpháirteach.

INNEACHAR: CUR SÍOS AR NA SLEAMHNÁIN

6. TÚS LEIS AN nGNÍOMHAÍOCHT RANGA

7. Ag smaoinemh faoinár bhfoinsí faisnéise

Cuir ceist ar na daltaí dul trí na foinsí nuachta a úsáideann siad de gnáth chun cuardach a dhéanamh ar nuacht nó postálacha poiblí eile ar na meáin shóisialta (cé is moite de theachtaireachtaí príobháideacha) a cheapann siad atá aisteach, a cheapann siad atá thar a bheith míthreorach, nó a bhfuil cuma rómhaith orthu le bheith fíor. Go bunúsach, ba cheart dóibh a bheith ag faire amach do nuacht a spreagann freagairt láidir, agus ar cuimhin leo go maith í ar an gcúis sin go díreach. Ba cheart do gach grúpa cuardach a dhéanamh ar shampla amháin ar a laghad chun é a chur os comhair an ranga.

8. Cén fáth a bhfuil an nuacht aisteach?

Scríobh ar an gclár bán na foinsí eolais is mó a úsáideann an rang. Cuir ceist ar na daltaí a machnamh a dhéanamh ar an bhfáth a gceapann siad go bhfuil foinsé iontaoifa, nó nach bhfuil sí iontaoifa. Mar shampla: An bhfuil sí saor in aisce nó ar íoc tú aisti? An raibh sé éasca nó deacair teacht uirthi? An féidir leat brath ar an eolas? An bhfuil a fhios agat cé a scríobh an scéal?

Chomh maith leis sin, fiafraigh díobh an fáth a n-úsáideann siad na foinsí sin, agus na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leo.

Iarr ar na daltaí a gcuid samplaí de scéalta aisteacha a mheaitseáil le ceann amháin nó roinnt de na catagóirí atá liostaithe.

Déan é seo a nascadh leis na pictiúir ag tús an chur i láthair – cuir ceist ar na daltaí ar tháinig siad trasna ar aon nuacht aisteach le déanaí. Cén bealach a bhfuil sí aisteach? Cad as ar tháinig sí? Cén cineál foinsé as ar tháinig sí? Cén fáth ar scríobhadh an scéal? Cé a scríobh é?

Más cuimhin le dalta na sonraí a bhaineann le píosa nuachta atá amhrasach – tá sé sin an-mhaith. Mar sin féin, beidh deacrachtaí ag go leor daltaí cuimhneamh ar an áit a bhfaca siad an nuacht nó ar an té a scríobh é. Tá sé níos fusa cuimhneamh ar scéal ná ar an gcúlra atá bainteach leis. Mura féidir le daltaí cuimhneamh ar aon nuacht aisteach, beidh deis acu í a chuardach níos déanaí sa chleachtadh.

9. Tuairim nó fíric?

Léirigh an difear idir tuairim agus fíric.

Cad is fíric ann? Is é is fíric ann ná rud is féidir a sheiceáil agus tacú leis le fianaise.

Cad is tuairim ann? Tá tuairim bunaithe ar thuiscint nó ar dhearcadh. Níl sí bunaithe ar fhianaise infhíoraíthe. B'fhéidir go gceapann roinnt daoine gur a mhalairt atá ann. Iarr ar na daltaí dul trí na hailt agus na codanna a aibhsiú ar tuairimí iad, ar fíricí ó fhoinsé ainmnithe iad, agus a bhfuil an chuma orthu gur fíricí iad ach nach luaitear aon fhoinsí leo. Iarr ar an rang a dtorthaí a roinnt.

10. Cad is bréagaisnéis ann?

Cuir ceist ar na daltaí an bhfuil cur amach acu ar an mbréagaisnéis. Déan samplaí na ndaltaí a sheiceáil i gcoinne an tsainmhíneithe. An bhféadfadh cuid acu a bheith ina mbréagaisnéis?

Mura bhféadfadh – cé acu a d'fhéadfadh a bheith ina mbréagaisnéis? (Mar shampla, nuacht nó tuairimí gránna, margaíocht, botúin nó míthuiscintí.)

3. CUR I LÁTHAIR DEIRIDH

PRÓISEAS

- Téigh trí roinnt fadhbanna atá nasctha leis an mbréagaisnéis, agus cuir in iúl dóibh go bhféadfaí an dallamullóg a chur ar aon duine, go háirithe nuair:
 - atá mothucháin láidre bainteach leis (an grá, an eagla, an dóchas)
 - a thagann an teachtaireacht ó dhuine a bhfuil muinín againn as
 - atá an teachtaireacht ag teacht lenár dtuairimí féin
- Is é an chéad chéim ó thaobh thú féin a chosaint ná a bheith ar an eolas faoin mbréagaisnéis agus go bhféadfaí tionchar a imirt ort.

Is é an dara céim ná fíricí a sheiceáil, agus is féidir spraoi a bheith ag baint leis sin freisin: tá sé ar nós ról an bhleachtaire a imirt, agus d'fhéadfadh na leanaí an-sult a bhaint as. Den chuid is mó, bíonn an próiseas maidir le fíricí a sheiceáil fadálach, ach níor cheart go mbeadh lagmhisneach ar na daltaí mar is minic a léiríonn gnéithe áirithe de phíosa eolais an-chuid faoi chaighdeán na teachtaireachta atá curtha in iúl.

- Mínigh an difear idir an mhífhaisnéis agus an bhréagaisnéis. [*Is faoin múinteoir atá sé an t-ábhar seo a úsáid, nó gan é a úsáid, ag brath ar an rang. Do dhaltáí idir 16 agus 18 mbliana is mó a oireann sé seo*]

- **Bréagnuacht a aithint**

Noda maidir le fíricí a sheiceáil [féach ar an íomhá de chompás atá sa chur i láthair]

- **Cur i gcéill agus troill a aithint**

1. Conas is féidir liom iontaofacht próifíle ar na meáin shóisialta a dhearbhú?

Ribín ag léiriú cuntas atá dearbhaithe: iarrann pearsana poiblí agus roinnt daoine ar Twitter agus ar na meáin shóisialta eile go marcálfaí go bhfuil a gcuntais 'dearbhaithe' chun cinn bhréagacha agus úsáid mhí-oiriúnach a sheachaint.

Mura bhfuil cuntas dearbhaithe, ach go bhfuil an chuma air gur cheart go mbeadh sé dearbhaithe, tá sé níos fearr a bheith cúramach agus tuilleadh seiceálacha a dhéanamh.

Stair cuntais: seiceáil amlíne an inneachair atá foilsithe, an líonra cairde agus leantóirí, an líon 'is maith liom' atá ann agus aon leid eile chun a fháil amach ar cruthaíodh an cuntas ar chúis ar leith, amhail don fhógraíocht nó chun briseadh isteach ar dhíospóireacht pholaitiúil.

Comharthaí rabhaidh: cuntais gan mórán cairde nó a bhfuil an chuma orthu gur róbait atá iontu; tá na teachtaireachtaí atá foilsithe dírithe ar aon am amháin; ní dhearnadh aon inneachar bunaidh a phostáil ann, díreach inneachar ó chuntais eile a roinnt.

2. Cad is clicmhealladh ann agus conas is féidir liom é a aithint?

Ciallaíonn clicmhealladh inneachar áibhéalach nó mímhacánta a úsáid d'aon ghnó chun go gliceálfadh úsáideoirí ar nasc. Is minic a bhíonn an méid seo a leanas sa chineál inneachair sin:

- Cás uachtair ar na ceannlínte uile
- Cur chuige áibhéalach (mar shampla 'AN NUACHT IS DÉANAÍ' nó 'ROINN' le ceann litreacha)
- Ceannlínte neamhchríochnaithe

Spreagann na cuir chuige uile seo sinn chun na naisc a oscailt, agus, mar thoradh air sin, saothraíonn sé ioncam tríd an bhfógraíocht dóibh siúd a chruthaíonn an clicmhealladh.

Féadfar é sin a úsáid, freisin, chun sonraí a bhailiú fúinn, a athúsáidtear don mhargaíocht nó do chuspóirí eile ina dhiaidh sin.

3. *Conas is féidir liom seiceáil an bhfuil íomhá iontaoifa, ar úsáideadh in aon áit eile í, nó ar baineadh di?*

Is bealach gasta é Google Images chun an tslí ar roinneadh an íomhá a dhearbhu, agus an comhthéacs a bhí i gceist. Féadfar cuardaigh íomha a dhéanamh le comhad nó le nasc.

INNEACHAR: CUR SÍOS AR NA SLEAMHNÁIN

11. Cad é an fhadhb a bhaineann leis an mbréagaisnéis?

Téigh ar ais chuig coincheap na dtuairimí agus na bhfíricí.

12. Is féidir leis an mbréagaisnéis fíordhochar a dhéanamh san fhíorshaol.

Sampla de bhréagaisnéis ag déanamh dochair.

13. Is féidir leis an mbréagaisnéis beatha daoine a chur i mbaol.

Sampla: féadfaidh comhairle sláinte mhícheart a chur ina luí ar dhaoine gan cóireáil leighis a fháil, nó a thabhairt le fios nach bhfuil tinneas áirithe chomh dona is atá i ndáiríre nó go bhfuil sé níos measa ná mar atá i ndáiríre. Is sampla maith í an íomhá sin faoi COVID-19.

16. “Bréagnuacht”: cad atá i gceist léi?

[Is faoin múinteoir atá sé an sleamhnán seo a úsáid (nó gan é a úsáid) ag brath ar an rang. Do dhaltaí idir 16 agus 18 mbliana is mó a oireann é seo]

Ní hí an bhréagaisnéis an t-aon chineál eolais a fhéadfaidh dochar a dhéanamh do na daoine a bhfuil sí dírithe orthu. Tá go leor mionghnéithe ag baint léi freisin i ndáiríre. Níl sé chomh tábhachtach sin díriú ar cad atá bréagach nó fíor. **Bíonn roinnt fírinne ag baint le han-chuid bréagaisnéise.** De ghnáth, ní bhíonn botúin a dhéantar de thaisme díobhálach (ach féadfaidh siad a bheith).

Maidir leis an scaipeadh: is féidir an bhréagaisnéis a scaipeadh d’aon ghnó, mar chuid de straitéis, nó mar chuid de shamhail ghnó. Is féidir í a scaipeadh, freisin, go neamhurchóideach nó trí thimpiste, mar shampla de bharr easpa eolais agus easpa scileanna inniúlachta sna meáin.

Mífhaisnéis: is ea eolas bréagach a scaiptear, ach ní gá go mbeadh rún ann daoine a chur ar míthreoir. Sampla: uaireanta, féadfaidh brí atá go hiomlán difriúil a bheith le pictiúr a úsáideadh i gcomhthéacs eile. Uaireanta, déantar d’aon ghnó é, agus uaireanta ní dhéantar. Ar an lámh eile, scaiptear bréagaisnéis d’aon ghnó chun an dallamullóg a chur ar dhaoine agus iad a mhíthreorú.

17. Fios a bheith agat cad atá fíor agus cad atá bréagach

Is céadchéim mhaith í, cheana féin, ó thaobh thú féin a chosaint ná a bheith ar an eolas faoin mbréagaisnéis agus go bhféadfaí tionchar a imirt ort.

18. Fíorscéal Brónach Penka an Bhó

‘D’éalaigh bó Bhulgárach darb ainm Penka as baile agus thrasnaigh sí an teorainn leis an tSeirbia trí thimpiste. Coicís ina dhiaidh sin, fuair uinéir Penka glaoch ó phóilíní na Seirbia a rá leis dul agus an bhó a bhailiú, ar aithníodh í ón gclib cluaise a bhí uirthi. Ní mór do gach bó san Aontas Eorpach ceann a bheith acu.

Ach nuair a theastaigh ó úinéir Penka í a thabhairt ar ais go dtí an Bhulgáir, d'iarr na hoifigigh teorann na doiciméid air ag léiriú go raibh sláinte mhaith ag an ainmhí. Níos imeachta caighdeánach ag na teoireannacha is ea sin nuair atá tú ag iarraidh teacht isteach san Aontas Eorpach. Ní raibh aon doiciméid den sórt sin ag úinéir Penka faraor agus fuair údarás na Bulgáire seilbh ar an mbó. Cuireadh Penka ar coraintín agus d'fhéadfaí í a chur chun báis fiú, dá mba rud é go raibh sí ag iompar aon ghalaír. Ní fhéadfaí cead a thabhairt di teacht isteach go dtí an Bhulgáir gan doiciméid ar bith: is ar an mbealach sin a dhéanann an tAontas Eorpach iarracht cosc a chur le scaipeadh galar ainmhithe contúirteach a d'fhéadfaí a thabhairt do dhaoine.

Eagraíocht Bhulgárach a chosnaíonn cearta ainmhithe a rinne an cás a thuirisciú den chéad uair. Rinne na meáin idirnáisiúnta é a phiocadh suas ansin, agus d'fhoilsigh siad ailt inar léiríodh fearg faoi 'mhaorlathas na Bruiséile'. Is mó an aird a tarraingíodh air ar na meáin shóisialta freisin. Laistigh de chúpla lá, bhí sé ar na céadta soláthraithe ar fud an domhain, agus insíodh é ar an gcaoi cheannann chéanna i gcónaí.

Chruthaigh Penka éifeacht charnach. Léiríonn a scéal conas is féidir le heachtra bheag ghreannmhar amháin insint iomlán a chruthú ar féidir le haon duine leas a bhaint aisti chun an milleán a chur ar mhaorlathas an Aontais Eorpaigh, ag tabhairt neamhaird iomlán ar na fíorchúiseanna le seiceálacha a dhéanamh ag an teorainn.

Ní raibh an scéal sin go hiomlán 'bréagach' ach rinneadh bréagaisnéis dó, toisc gur úsáideadh é chun an fhírinne a shaobhadh ar chúiseanna polaitiúla agus tráchtála, ag athrú gnáthsheiceáil teorann ina díospóireacht frith-AE ar fud an domhain.'

19. An Compás Seiceála Fíricí

Den chuid is mó, bíonn an próiseas maidir le fíricí a sheiceáil fadálach, ach níor cheart go mbeadh lagmhisneach ar na daltaí mar is minic a léiríonn gnéithe áirithe de pháosa eolais an-chuid faoi chaighdeán na teachtaireachta atá curtha in iúl. 'Bréagnuacht' a aithint: le roinnt idir mífhaisnéis agus bréagaisnéis (mínigh an difear!).

Leideanna:

- Léigh an t-alt ina iomláine – an dtagann an t-inneachar agus an cheannlíne le chéile? Conas is féidir liom iontaofacht suímh gréasáin a dhearbhu? Anailís ar URL: seiceáil i gcónaí an é an suíomh gréasáin bunaidh atá ann nó an bhfuil mionathrú ar ainm nó iarmhír an URL: is é an smaoineamh atá ann ná nach dtabharfadh léitheoir tapa nó léitheoir atá ar seachrán faoi deara é. Tógann suíomhanna bréagaisnéise ainmneacha foinsí nuachta a bhfuil cáil orthu, ach athraíonn siad na mionsonraí.
- Cuardaigh an scéal ar an idirlíon – an dtacaíonn foinsí eile leis an méid atá á mhaíomh?
- An bhfuil fios agat cén saghas foinsí iad?
- Dearbhaigh an dáta agus an t-údar: is minic a bhíonn cuntais 'dhearbhaithe' ar na meáin shóisialta ag pearsana poiblí, mar aon leis na meáin agus iriseoirí. Is minic a bhíonn suíomhanna gréasáin nó próifílí poiblí eile ag daoine atá ag obair san earnáil faisnéise a d'fhéadfadh cabhrú leat iad agus a gcuid oibre a aimsiú.
- Féach an bhfuil cuma aisteach ar na pictiúir nó ar baineadh dóibh. Más amhlaidh atá, is féidir cuardach droim ar ais a dhéanamh ar Google Images.
- D'fhéadfadh smaoineamh faoin gcomhthéacs cabhrú leat meastóireacht a dhéanamh ar eolas: samhlaigh go ndéarfadh déantóir fóin leat gur mhéadaigh a dhíolacháin faoi dhó. Anois, cuir comhthéacs leis: mí na Nollag a bhí ann, séasúr saoire na Nollag, bhí an-chuid lascaín ar fáil sna siopaí agus, mar sin, bhí sé beagáinín níos saoire fón a cheannach. Bhíothas ag súil leis sin, nach raibh? Tarlaíonn an rud céanna sa phlé poiblí go minic.

TUILLEADH ACMHAINNÍ

Sainmhíniú ar an mbréagaisnéis i dteangacha éagsúla le fáil sa tuarascáil [‘Conas a aithint nuair is bréagnuacht atá ann’](#)

Cluichí ar líne faoin mbréagaisnéis:

- [The bad News Game](#) (roinnt mhaith teangacha) agus [Bad News Game for Kids](#) (níos lú teangacha). Cruthaigh do bhréagnuacht féin. An gnáthleagan, 15 bliana agus os a chionn. Leagan do leanaí, 8 mbliana agus os a chionn.
- [Fakescape](#) (CZ agus EN). Cluichí a mhúineann do dhaltáí conas is féidir leo éalú ón mbréagnuacht. Ar éileamh agus saor in aisce do léachtóirí. 13 bliana agus os a chionn.
- [Fakey](#) (EN). Cluiche a mhúineann inniúlacht sna meáin agus conas a bhíonn daoine ag idirghníomhú le mífhaisnéis. 16 bliana agus os a chionn.
- [Escape Fake](#) (DE agus EN). Aip cluiche atá in-íoslódáilte chun inniúlacht sna meáin a mhúineadh ar bhealach spráúil. 15 bliana agus os a chionn.
- [Millab](#) (EN, GE, AR, AZ). Cluichí spráúla do dhaoine óga faoi conas is féidir bréagnuacht, troill agus cibearbhulaíocht a aithint. 12 bhliain agus os a chionn.
- [Troll Factory](#) (EN). Troill is ea iad na himreoirí a chruthaíonn bréagnuacht. 16 bliana agus os a chionn.

Liosta de na heagraíochtaí seiceála fíricí atá i roinnt mhaith tíortha de chuid AE

- [Poynter Institute](#)
- [Facebook](#)
- [Grúpa frith-bhréagaisnéise](#) de chuid AE agus an feachtas [‘smaoinigh sula roinneann tú’](#)

Tá an modúl seo forbartha ag Parlaimint na hEorpa, ní ag údar na modúl eile.

Teagmháil: Aonad an Urlabhraí – Parlaimint na hEorpa
europarl-spox@europarl.europa.eu.

